

Ábhar

Foghlaim agus Múineadh na Gaeilge

Mír Físe

Mír as an scannán *Ab initio*

Le caoinchead ó Síol Scéal agus TG4

Téacs Léitheoireachta

Sliocht as an leabhar *Misean Mhaigh Nuad chun na Síne 1916-1963* le Pádraig Ó Murchú. Foilseacháin Ábhair Spioradálta: Baile Átha Cliath 2003

Le caoinchead ón údar agus ó Foilseacháin Ábhair Spioradálta

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Triú Leibhéal

Ab initio

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír as scannán darb ainm *Ab initio*. Sa scannán seo, feicfidh tú Fionnuala agus í ag iarraidh rang Gaeilge a mhúineadh do ghlantosaítheoirí. Ar an drochuair, bhí mí-ádh ar Fhionnuala – níor éirigh ró-iontach leis an rang agus tá a cuid foghlaimeoirí ag tabhairt a dúshláin! Sula bhféachann tú ar an mír déan an réamhobair seo.

- Déan liosta tréithe faoi na ceannteidil ‘múinteoir maith’ agus ‘foghlaimeoir maith’.
- An mbeadh aon spéis agat a bheith i do mhúinteoir teanga? Cén fáth?
- Cad iad na dúshláin is mó a bhaineann le foghlaim na Gaeilge do thosaítheoirí, dar leat? Déan liosta.
- Cad iad na dúshláin is mó a bhaineann le múineadh na Gaeilge do thosaítheoirí, dar leat? Déan liosta.
- Cad iad na difríochtaí a bhainfeadh le bheith ag múineadh na Gaeilge (i) do pháistí; (ii) do dhéagóirí; (iii) do mhic léinn tríú leibhéal; (iv) do dhaoine fásta?
- Dá mbeifeá ag cur comhairle ar chara leat a bhí ag dul ag múineadh rang Gaeilge do ghlantosaítheoirí, cén chomhairle a chuirfeá air/uirthi?

Féach ar na ráitis seo faoi fhoghlaim teanga le do ghrúpa. An aontaíonn sibh leo?

- Tá ról an-tábhachtach ag inspreagadh i bhfoghlaim teangacha.
- Tá daoine áirithe atá ‘go maith’ ag foghlaim teangacha agus daoine eile nach bhfuil.
- Tá sé i bhfad níos fusa do leanaí teanga nua a fhoghlaim ná mar atá sé do dhuine fásta.
- Ní féidir teanga a fhoghlaim i gceart mura gcaitear am sa tír / réigiún ina labhraítear an teanga.
- Má tá na rialacha gramadaí ‘ar eolas’ agat éireoidh go geal leat i bhfoghlaim teanga.

Éisteacht

- Anois féach ar an mír agus déan liosta de na ‘fadhbanna’ atá ag foghlaimeoirí Fhionnuala.
- Conas a dhéanfaí cur síos ar fhoghlaimeoirí Fhionnuala? Cad iad na tréithe atá acu? Déan liosta.
- Pléigh na ceisteanna seo:
 - o Conas a dhéanfaí cur síos ar stíl mhúinteoireachta Fhionnuala? An bhfuil an cur chuige atá aici éifeachtach, dar leat? An ndéanfaí féin aon rud ar bhealach difriúil?
 - o Cad a cheapann tú de leagan amach an tseomra ranga ag Fionnuala?
 - o An aontaíonn tú le cara Fhionnuala a deir ‘Á, Fionnuala, ná habair gur bhain tú úsáid as an *CD!*’

- Samhlaigh go bhfuil tusa ag múineadh an ranga in áit Fhionnuala. Conas a thabharfá míniú ar na ceisteanna seo a leanas:
 - o What's the difference between 'tá' and 'is'?
 - o Doesn't the difference between 'tá' and 'is' depend on the copula?
 - o Why do you say 'Dia dhuit' but write 'Dia duit'?
- Cén rud é an 'copula' a luaitear sa mhír? Conas a mhíneofá é d'fhoghlaimoir ag an mbunleibhéal?
- Anois pléigh na ceisteanna coitianta eile seo a chuireann foghlaimoirí:
 - o When do you answer 'sea' and when do you answer 'tá'?
 - o What's the difference between 'dó', 'a dó', 'dhá', 'beirt' and 'dara'?
 - o What's an urú?
 - o What's 'caol le caol' and 'leathan le leathan'?
- Seo liosta d'earráidí a dhéanann mic léinn ollscoile go minic. Pléigh iad le do ghrúpa – i ngach cás abair cén ghné den ghramadach atá i gceist agus déan iarracht an earráid a cheartú.
 - Tá áthas orm go bhfuil siad mo thuismitheoirí
 - Táimid cairde ón naíonra
 - Cad a bhfuil ar siúl anocht sa bheár?
 - Ní maith liom é mar a bhfuil sé anois
 - Bhí na himeachtaí a raibh ar siúl anuraidh go maith
 - Abair liom má bhfuil aon fhadhb agat
 - Dúirt sí gur bhí tú ann
 - Sin na rudaí a bainim úsáid astu chun Gaeilge a chleachtadh
 - Sin na fadhbanna a mbíonn agam le Gaeilge
 - An iadsan na rudaí a bhíonn an léachtóir ag caint faoi?
 - Cad go raibh sí ag caint faoi?
 - Tá sé suas chugatsa anois
 - Táim ag dul le **mo** chara
 - An bhfuil tú saor an oíche seo?
 - Fan dom
 - Dúirt sí dom go mbeadh sí ann
 - Cabhróidh mé leat má theastaíonn leat
 - Seolfaidh mé duit an aiste ar ríomhphost
 - Níl mé sásta éist leis a thuilleadh

Plé

- Pléigh na ráitis seo as an scannán:
‘Grammar is the basic foundation upon which all languages work – without it there are no rules’.
‘I just want to learn the basics’. Cad iad na ‘basics’ nuair atá duine ag foghlaim teanga?

Tascanna

- Ní éiríonn go maith le Fionnuala i mbun an ranga seo ar go leor cúiseanna. Lig ort gur tusa cara Fhionnuala. Tá sí buartha mar nár shíl sí gur mar seo a bheadh a céad rang agus tá tú ag iarraidh misneach a thabhairt di. Scríobh teachtaireacht ríomhphoist chuici nó déan taifeadadh ar ghuthphost di. Déan do mhachnamh ar na nithe seo a leanas sula gcuireann tú comhairle uirthi.
 - o Réiteach cuí don rang
 - o Acmhainn grinn an mhúinteora
 - o Atmaisféar spreagúil sa seomra ranga
 - o Acmhainní spreagúla foghlama
- Mar chuid den fhillteán foghlama don tríú bliain, tá tú ag coimeád cuntais ar na hearráidí is minice a dhéanann tú i do chuid scríbhneoireachta agus i do chuid cainte. Taispeáin cuid de na hearráidí do do ghrúpasa agus féach an féidir leo iad a mhíniú duit.
- Pléigh le do ghrúpa cén acmhainn is fearr le húsáid a bhaint aisti nuair nach dtuigeann tú gné éigin den ghramadach agus go háirithe na hearráidí atá ar do liosta féin.
- Léigh an sliocht seo as an leabhar *Misean Mhaigh Nuad chun na Síne* ina gcuireann an t-údar síos ar eachtra a tharla d’Éireannach i gcampa géibhinn sa tSín.

Sa champa ina raibh sé, thagadh garsún beag ag cur cainte ar an eachtrannach séimh seo a bhí ina measc. Tar éis tamaill thugadh an garsún rud beag milis le n-ithé dó. Lá amháin tháinig sé agus oráiste aige. Chuir an rud sin go léir ionadh ar Aodh agus d’fhiafraigh sé cérbh é an leanbh. ‘Mac le Mao Tse Tung’ dúradh leis. Maraíodh an garsún sin sa chogadh a troideadh sa Chóiré ó 1950 go 1953. Lá Nollag 1931 bhuaill Mao féin isteach go dtí Aodh. Shuigh sé síos agus bhí comhrá deas acu le chéile. Bhí siad ag easaontú mar gheall ar chúrsaí creidimh agus toisc nach raibh aon réiteach i ndán dóibh, thosaigh Aodh ag caint ar cé chomh deacair is a bhí sé Sínis a fhoghlaim. Gháir Mao agus dúirt sé go raibh Béarla i bhfad níos deacra. ‘Mar shampla’, ar seisean, ‘tá a fhios agat go bhfuil deacrachtaí againn le litreacha áirithe san aibítir. Dá bhrí sin nuair a theastaíonn uaim “Lend me your knife” a rá, tagann “Lend me your wife” amach as mo bhéal’. Gháir an bheirt acu le chéile.

Bhí a shampla féin le tabhairt ag Aodh faoin tSínis: ‘Nuair a theastaíonn uaimse “Téigh síos, scuab an séipéal agus cuimil ceirt den altóir” a rá, toisc nach mbíonn an tuin cheart aimsithe agam i gcónaí, cloistear mé ag rá “Dóigh síos an séipéal agus cuir mallacht ar an altóir”. Dá bhfanfadh rudaí chomh cairdiúil sin!

Misean Mhaigh Nuad chun na Síne 1916-1963 le Pádraig Ó Murchú. Foilseacháin Ábhair Spioradálta, Baile Átha Cliath 2003. Le caoinchead ón údar agus ó Foilseacháin Ábhair Spioradálta.

Pléigh na ceisteanna seo:

- o An bhfuil aon samplaí agat de mhíthuiscintí a tharlaíonn nuair a bhíonn duine ag foghlaim teanga?
- o Luann an t-údar ‘an tuin cheart’ i gcomhthéacs na Síne. Tugtar *tonal language* ar an tSínis sa Bhéarla. Céard is brí leis sin? An bhfuil sé sin i gceist leis an nGaeilge agus le teangacha eile na hEorpa?
- o Cad iad na fuaimeanna Gaeilge is mó a chothaíonn deacrachtaí duitse?
- o Dá mbeadh rang Fhionnuala agat, cad iad na gnéithe den fhoghraíocht a mhúinfeá dóibh?